

Litearthacht trasna an churaclam agus litearthacht disciplín

Tá dlúthbhaint ag foghlaim, teanga agus litearthacht lena chéile. Na huirlisí a chuireann teanga ar fáil, tacaíonn siad leis an bhfoghlaim an lá scoile ar fad agus ina dhiaidh. Ach féachaint ar an gcuraclam ar fad, feicimid go dtéann coincheapa, meonta agus scileanna tábhachtacha i bhfeidhm ar an gcaoi a ndéanaimid cumarsáid in ábhair éagsúla. Mar shampla, ní hionann an stór focal agus na struchtúir teanga a theastaíonn chun biashlabhra a mhíniú san eolaíocht agus iad siúd a theastaíonn chun cur síos a dhéanamh ar na gnéithe a bhaineann le píosa ceoil. Is féidir codarsnacht a dhéanamh idir na téacsanna a bhaineann leis na hamharc-ealaíona agus na struchtúir téacs chlóbhunaithe a bhíonn le fáil in úrscéal. Ní hionann na scileanna a theastaíonn chun foinse phríomha a thuiscint sa stair agus na scileanna a theastaíonn le go mbeadh tuiscint agat do dhán.

Déanann disciplíní difriúla cumarsáid ar bhealaí difriúla. Litearthacht disciplín, nó inniúlacht disciplín, a thugtar ar theanga agus litearthacht a theagasc ar fud an churaclam ar bhealach a thacaíonn le smaointeoireacht agus le foghlaim in ábhair éagsúla. Cuireann an fhoghlaim i réimsí eile den churaclam deis den scoth ar fáil chun scileanna teanga agus litearthachta a chur i bhfeidhm le lánbhír agus go criticiúil. Má bhíonn páistí i mbun fiosrúcháin in ábhar eile, cuireann sé sin fíorchomhthéacs ar fáil chun an teanga ó bhéal, an léitheoireacht agus an scríbhneoireacht a fhorbairt. Ach pleanáil le haghaidh teanga, agus í a theagasc, ar an gcaoi seo, tacaítear le forbairt teangeolaíochta agus le tuiscint ar dhisciplín. Cothaíonn Curaclam Teanga na Bunscoile comhtháthú idir foghlaim teanga agus foghlaim atá bunaithe ar ábhar an lá scoile, an tseachtain scoile agus an bhliain scoile ar fad.

Litearthacht chriticiúil

Le go mbeidh plé gníomhach lánbhír againn leis an litearthacht, ní leor coincheapa traidisiúnta ar a bhfuil i gceist leis an méid a léimid a thuiscint. Castar réimse téacsanna ar pháistí gach lá, téacsanna i bhfoirmeacha éagsúla agus i modhanna éagsúla. Tá sé ag éirí níos tábhachtaí an t-am ar fad go mbeadh páistí ar an eolas faoin gclaonadh a théann i bhfeidhm ar na tuairimí a chuirtear i láthair sna téacsanna sin. Ó tharla gur chruthaigh údar amháin ar a laghad gach téacs, bíonn gach téacs múnlaíthe agus tógtha ag tosca sóisialta. Ní hamháin go dtuigeann léitheoirí criticiúla a bhfuil á léamh acu, ceistíonn siad é freisin. Cé dó a seasann an téacs? Cé dó nach seasann an téacs? Cé na smaointe a dtugtar tús áite dóibh? Cé na smaointe a dtugtar neamhaird orthu? Ach dearcadh amhrasach a bheith acu, cabhraítear le páistí easpa cothromaíochta a shainathint sna téacsanna a mhúnlaíonn a saol agus, go deimhin, an tsochaí trí chéile.

Is éard atá i gceist le litearthacht chriticiúil ná na tuairimí a chuirtear i láthair i dtéacsanna a shainathint, anailís a dhéanamh orthu agus a ndúshlán a thabhairt. Rud eile atá i gceist léi ná an tioncharatá ag na tuairimí sin ar ár saol laethúil a cheistiú. Ó thaobh an teagaisc de, tacaítear leis an litearthacht chriticiúil ach a lán téacsanna éagsúla a léamh agus éisteacht leo, téacsanna ina gcuirtear a lán tuairimí éagsúla i láthair. Éascaíonn múinteoirí an litearthacht chriticiúil ach a machnamh a dhéanamh go cúramach ar na téacsanna a léann páistí sa seomra ranga agus cabhrú le páistí anailís a dhéanamh ar dhá cheist: (i) cé dó a seasann an téacs? agus (ii) céard dó a seasann an téacs? Is féidir tacú le páistí freisin chun téacsanna a chruthú a bhreithníonn tuairimí malartacha, a thugann dúshlán thuairimí an tromlaigh, nó a chíorann guthanna arb annamh a léirítear iad. Ach a scileanna teanga agus litearthachta a chur i bhfeidhm ar an gcaoi seo, cuireann páistí go gníomhach, go machnamhach agus go criticiúil leis an domhan ina maireann siad.